*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

***Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta:***
**don Roinn Oideachais**
**don Roinn Fostaíochta agus Foghlama**
**don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta**

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíscoil Mhaol Íosa
## Baile Mhic Rabhartaigh
## Doire

## Dáta na Cigireachta: Aibreán 2007

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT NEANTACH I NAÍSCOIL MHAOL ÍOSA, BAILE MHIC RABHARTAIGH, DOIRE, BT48 0ND (2AB-0511)**

Sa chigireacht a rinneadh i Mí an Mhárta 2005 tugadh aird ar leith ar láidreachtaí a bhain le héiteas an ionaid agus leis an chaidreamh le tuismitheoirí, agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- clár ama an lae a eagrú lena chinntiú go n-úsáidtear gach tréimhse go héifeachtach chun páistí a spreagadh le foghlaim agus iad i mbun súgartha a bhfuil cuspóir leis;

- an phleanáil scríofa, lena chinntiú go ndéanfar an dul chun cinn cuí sa chlár oideachais i rith na bliana agus go mbeidh an clár sin ag freastal ar riachtanais éagsúla na bpáistí;

- na modhanna ina ndéantar faireachán agus taifeadadh ar dhul chun cinn na bpáistí i ngach réimse den churaclaim réamhscoile; agus

- muinín agus oilteacht na mball foirne agus iad ag idirghníomhú leis na foghlaimeoirí óga seo le go gcuirfear níos éifeachtaí le forbairt teanga agus le foghlaim na bpáistí i ngach réimse súgartha.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, rinneadh na bearta seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:**

- Ceapadh ceannaire nua agus chuaigh sé i mbun dualgas i nDeireadh Fómhair 2005.

- Ceapadh cúntóir nua agus chuaigh sí i mbun dualgas i bhFeabhra 2006.

- Ceapadh an triú ball foirne agus chuaigh sí i mbun dualgas i Meán Fómhair 2006.

- Rinneadh áit súgartha amuigh faoin spéir agus fuarthas acmhainní breise.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas a lean uaidh sin. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 19 Aibreán 2007 agus cuirtear sa chuntas inti na cinntí a d’éirigh as an chuairt i Mí Mheán Fómhair 2006.

**Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm.**

- Cuireadh feabhas ar eagrú chlár an lae. Bíonn tréimhsí cuí súgartha anois ag na páistí, gan aon chur isteach, taobh istigh agus taobh amuigh. Bíonn gnáthimeachtaí an lae agus na tréimhsí eatarthu sin á mbainistiú níos éifeachtaí anois.

- Rinneadh athbhreithniú ar an phleanáil ghearrthréimhseach agus anois aimsítear roinnt féidearthachtaí inti le haghaidh foghlama sna gníomhaíochtaí.  Déanann a fhoireann luacháil ar an chlár gach seachtain agus tá siad i ndiaidh tosú a oiriúnú a gcuid pleananna le freastal ar riachtanais pháistí ar leith agus ar nithe a bhfuil spéis ag an ghrúpa iontu.

- Tá córas sainoibrithe i bhfeidhm ag an fhoireann agus tá siad anois i ndiaidh próifíl a dhéanamh de dhul chun cinn gach páiste sna sé réimse uile den churaclam réamhscoile.  Déanann siad taifead fosta ar dhul chun cinn na bpáistí in úsáid na Gaeilge.

- Le linn na cuairte don chigireacht leantach, bhí a lán samplaí ann nuair a bhí idirghníomhaíocht éifeacht ar siúl idir an fhoireann agus na páistí, nuair a chuidigh siad leis na páistí ina gcuid smaointeoireachta agus nuair a chur siad lena gcumas teanga agus foghlama.  Tá muinín ag an fhoireann as a gcuid Gaeilge agus baineann siad úsáid inniúil aisti le deiseanna foghlama a thabhairt do na páistí.  Is léir ón dóigh a mbíonn na páistí a freagairt go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an ionad réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na príomhréimsí le haghaidh gníomhú.  Is féidir leis na tuismitheoirí agus leis an phobal i gcoitinne muinín a bheith acu as an rún daingean atá ag an fhoireann feabhsúcháin a dhéanamh.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais:  www.deni.gov.uk